# ÓGRAS
## (CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

**6 SRÁID FHEARCHAIR**

**BAILE ÁTHA CLIATH D02 VH98**

# RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

| **CLÁR** | **LEATHANACH** |
|---|---|
| EOLAS | 1 |
| TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ | 2/6 |
| RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ | 7 |
| DEARBHÚ STIÚRTHÓIRÍ | 8 |
| TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH | 9/13 |
| CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 14 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 15 |
| NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS | 16/19 |

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**EOLAS**

| | |
|---|---|
| Stiúrthóirí: | Anita Nic Amhlaoidh<br>Breandán Ó Cathasaigh<br>Máirín Uí Ghríofa<br>Niall Comer<br>Paula Melvin (ón 3 Iúil 2020)<br>Aisling Ní Mhuilleoir<br>Brian Mac Suibhne<br>Hannah Ní Chléirigh<br>Rhian Dáibhís |
| Rúnaí: | Hannah Ní Chléirigh |
| Oifig Chláraithe: | 6 Sráid Fhearchair<br>Baile Átha Cliath D02 VH98 |
| Uimhir Chláraithe: | 638154 |
| Uimhir Charthanach ó na Coimisinéirí Ioncaim: | CHY22409 |
| Uimhir an Rialálaí Carthanas: | 20204025 |
| Stádas Dlíthiúil: | Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta gan Scairchaipiteal |
| Baincéir | Bainc Aontais Éireann cpt<br>100/101 Sráid Ghrafton<br>Baile Átha Cliath D02 N671 |
| Iniúchóir | Dáithí Ó Maolchoille<br>Cuntasóir Cairte<br>Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta<br>75 Páirc Weston<br>Baile an Teampaill<br>Baile Átha Cliath D14 HW58 |

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil agus na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 faoi bhráid na gcomhaltaí.

## PRÍOMHGHÍOMHAÍOCHTAÍ

**Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí**

Is eagraíocht óige náisiúnta í Ógras a chuireann seirbhís clubanna óige ar fáil ar fud na hÉireann agus atá cláraithe mar charthanas de réir an tAcht Carthanas 2009. Tá sé mar fhís ag Ógras go 'mbeadh an Ghaeilge á húsáid mar theanga phobail ag daoine óga ... agus go mbeadh an fhéinmhuinín agus an cumas acu a n-acmhainn a bhaint amach le bheith lánpháirteach sa phobal trí mheán na Gaeilge'. Is é misean na heagraíochta ná 'deiseanna a thabhairt do dhaoine óga a bheith páirteach i gclár oibre don aos óg a spreagann machnamh chruthaitheach, neartú muiníne agus forbairt shóisialta agus atá a chur ar fáil ar bhealaí sábháilte, spraíúil, nua-aoiseach agus comhaimseartha.'

**Mórghníomhartha**

Bhí tréimhse fhíor-ghnóthach agus neamhghnách ag Ógras ón Chruinniú Chinn Bhliana deireanach. Dár ndóigh chur na srianta a cuireadh i bhfeidhm de bharr Covid 19 isteach go mór ar obair na heagraíochta ó Mhí an Mhárta 2020 ach fós d'éirigh linn na spriocanna seo a leanas a bhaint amach:

***Clubanna Óige***

San iomlán d'fhreastail breis agus 1,000 duine óg ar chlubanna Ógras le linn 2020. Bhí 32 chlub ag teacht le chéile ar bhonn seachtainiúil suas go Mí an Mhárta agus tar éis do na clubanna dhul ar-líne d'aistrigh na baill go clubanna fíorúil a bhí ar siúl go laethúil ón Luan go dtí an Satharn. Thug sé seo deis do bhaill nua clárú leis an eagraíocht agus freastal ar réimse leathan d'imeachtaí Gaeilge ar-líne.

***Turais***

Eagraíodh roinnt turais ag deireadh na bliana nuair a bhí cead tugtha grúpaí beaga a thógáil le chéile taobh amuigh, (agus na baill agus ceannairí in ann cloí le scaradh sóisialta) ina measc bhí turas ag club Óg-Ógras Nás na Ríogh go Feirm Chluain Fearta i gCill Dara agus thug Club Óg-Ógras Muineacháin faoi shiúlóid dúlra agus picnic faoin aer i bpáirc in aice leo. Chuaigh Club Ógras Laighean ar cuairt chuig Teach Russborough i mBaile an Choimín áit a raibh lá an phléisiúrtha acu.

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**
**(ar leanúint)**

***Amharclann Óige Ógras – ArDán***
Bhí Amharclann Óige Ógras ag obair go dian suas go lár Mí an Mhárta ar dhráma óige cumtha ag na baill féin i gcomhar leis an áisitheoir drámaíochta Pádraic Ó Flatharta. Seo an ceathrú bliain as a chéile go raibh an t-amharclann ar siúl ach de bharr an dianghlasáil níor éirigh leo an dráma a chur ar stáitse os comhar an phobail.

***Ceardlanna***
Bhí réimse leathan ceardlanna ar siúl i rith na bliana chun díriú isteach ar chúrsaí cultúrtha, folláine, ealaíne, oidhreachta, sláinte srl. Bhí na ceardlanna dírithe ar spéiseanna agus riachtanais na mball agus bailíodh ais-eolas rialta ó thuismitheoirí, ó cheannairí agus ó na háisitheoirí a chuir na ceardlanna ar siúl le cinntiú go raibh ard-chaighdeán seirbhíse a chur ar fáil.

***Gníomhaíochtaí eile sna clubanna***
- Ceiliúradh Lá na Máithreacha
- Seanfhocal an Lae
- Tionscadal Ealaíne ar 'Nigh do Lámha'
- Tionscadal grianghrafadóireachta ar phlandaí agus bláthanna
- Tionscadal ar imreoirí agus daoine cáiliúla a bhí mar bhaill d'Ógras
- Tionscadal Tithe Éin
- Tionscadal Báicéireachta
- Tionscadal Foghlama 'Píosa Beag' ag úsáid leabhráin beaga Fhoras na Gaeilge
- Tionscadal Ealaíne ag gabháil buíochais lenár n-oibrithe sláinte
- Tionscadal Ealaíne na Cásca
- Tionscadal Ealaíne ag ceiliúradh 'Lá na nOibrithe Deonacha'
- Tionscadal Péinteála na gCloch le teachtaireachtaí dearfacha orthu
- Tionscadal Scríbhneoireachta Oghaim
- Tráth na gCeist Zoom
- Tionscal Ealaíne 'Doirse an Dóiche'

***Campaí Samhraidh***
Bhí sé beartaithe campaí samhraidh a eagrú ag suímh éagsúla timpeall na tíre mar a dhéantar gach bliain ach go luath i Mí Bealtaine tuigeadh nach bhféadfaí dul ar aghaidh leis an phlean agus tar éis plé le Foras na Gaeilge agus cead faighte na campaí a aistriú go suíomh fíorúil ar-líne cuireadh 12 champa samhraidh ar siúl i Mí Iúil.

***Tionscnamh Ceartas Aeráide***

Cuireadh tús leis an Tionscnamh Ceartas Aeráide i Mí Meán Fómhair tar éis don eagraíocht deontas a aimsiú faoin Chiste Ceartas Aeráide Óige ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. I measc na ngníomhaíochtaí a bhí ar siúl le linn an tionscnaimh bhí:

- Ceardlanna Ceartas Aeráide do chlubanna Óg-Ógras
- Ceardlanna Ceartais Aeráide curtha ar fáil do ghrúpaí óige eile
- Tionscnamh Éici Brící (Eco Bricks) ar siúl ag baill Ógras
- Bileog eolais ar Éici Brící
- Ceardlann faoi athchúrsáil
- Leathanach ar Oideachas Forbartha curtha leis an suíomh idirlíon

***Pacáiste Eolais/Tacaíochta do cheannairí & Múinteoirí***

Ag tús an tsamhraidh cuireadh Lámhleabhair Cluichí & Gníomhaíochtaí le chéile le treoir agus eolas a thabhairt do fhoireann na gcampaí agus iad ag tabhairt faoi oiliúint ar-líne. Ansin i Mí Lúnasa deineadh forbairt ar an Lámhleabhair agus cuireadh leagan nua le breis gníomhaíochta, cluichí agus tionscnaimh ar fáil do cheannairí a bheadh ag dul i mbun clubanna óige ar-líne.

***Traenáil agus Oiliúint***

- Cúrsaí Cosaint Leanaí eagraithe ar bhonn réigiún
- Cúrsa Ceannaireachta do cheannairí nua i nGaillimh agus i gCo. Lú
- Traenáil do cheannairí maidir le reáchtáil clubanna ar-líne
- Traenáil do fhoireann na gcampaí maidir le campaí samhraidh fíorúil.

***Cumarsáid***

- Suíomh nua Idirlíne forbartha
- Córas clárú ar-líne do chlubanna agus do champaí samhraidh
- Nuachtlitir mhíosúil a seoladh amach chuig ceannairí, tuismitheoirí agus baill
- Straitéis cumarsáide a fhorbairt ag an eagraíocht - Tá caidreamh maith idir Ógras agus na meáin i nGaeilge agus i mBéarla agus bhí ceannairí ar nós Tadhg Ó Buachalla agus Séighin Ó Súilleabháin clúdaithe ag an Kerryman agus Kerry's Eye maidir leis an obair atá á déanamh acu le hÓgras.

***Bolscaireacht***

Bhí ról láidir ag Ógras mar bhall de Chomhairle Náisiúnta na nÓg ag stocaireacht ar son na hEarnála Óige. Bhí cruinniú seachtainiúil ag an ngrúpa ina bpléadh ceisteanna tacaíochta airgeadais don obair óige agus eagraíodh cruinnithe le polaiteoirí.

***Comhoibriú le heagrais eile***

- Clubanna Ógras gafa le heagrú imeachtaí le linn Seachtain na Gaeilge
- D'eagraigh Ógras i gcomhar le hEalaíon na Gaeltachta Cúrsaí Cosaint Leanaí do mhúinteoirí ceoil a bhíonn ag obair le daoine óga ar-líne i gceantar Chonamara
- Bhí ról lárnach ag foireann Ógras i bpleanáil imeachtaí do Scléip na hÓige 2020 i gcomhar leis na heagraíochtaí óige Gaeilge eile.

## TORTHAÍ NA BLIANA AGUS STAID CÚRSAÍ AR AN 31 NOLLAIG 2020

Tá an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an Clár Comhardaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar leathanaigh 14 go 19. Tá an toradh ó ghnáthghníomhachtaí roimh cháin le léamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar leathanach 14. Tá staid chúrsaí na cuideachta léirithe ar an gClár Comhardaithe ar leathanach 15.

## STIÚRTHÓIRÍ

Is iad seo leanas na stiúrthóirí a bhí ann ón 1 Eanáir 2020:

Anita Nic Amhlaoidh
Breandán Ó Cathasaigh
Máirín Uí Ghríofa
Niall Comer
Paula Melvin (ón 3 Iúil 2020)
Aisling Ní Mhuilleoir
Brian Mac Suibhne
Hannah Ní Chléirigh
Rhian Dáibhís

De réir an Bhunreachta éiríonn Breandán Ó Cathasaigh, Hannah Ní Chléirigh agus Paula Melvin as oifig ag an gcruinniú cinn bhliana agus iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith tofa.

Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.
Toisc gurb cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal í an chuideachta seo níl leasanna scaireanna sa chuideachta ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí.

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**
**(ar leanúint)**

## IMEACHTAÍ TÁBHACHTACHA Ó DHEIREADH NA BLIANA

Ní raibh aon imeachtaí tábhachtacha a bhaineann leis an gcuideachta ó dheireadh na bliana.

## FORBAIRTÍ AMACH ANSEO SA GHNÓTHAS

Leanfaidh an chuideachta ag forbairt a cuid gníomhaíochtaí sa bhliain seo chugainn.

## IMEACHTAÍ IARCHLÁR COMHARDAITHE – PANDÉIM COVID - 19

Bhreithnigh na stiúrthóirí tionchar na paindéime COVID -19 ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Tháinig siad ar an gconclúid go bhfuil sé de chumas ag an gcuideachta leanúint de bheith ann ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó dháta formheasa na ráiteas airgeadais.

## TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Is iad na céimeanna a ghlacann na stiúrthóirí chun slánú a dhéanamh de go bhfuil coinníollacha Alt 281 go 285 de Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád á gcomhlíonadh ná: na polasaithe agus na nósmhaireachtaí riachtanacha a fheidhmiú chun idirbhearta a chlárú; foireann chuntasaíochta chumasach, le taithí oiriúnach, a fhostú; agus dóthain acmhainní a sholáthar chun chúram a dhéanamh de na taifid chuntasaíochta. Coimeádtar na taifid chuntasaíochta ag oifig chláraithe na cuideachta.

## INIÚCHÓIR

Chuir Dáithí Ó Maolchoille, Cuntasóir Cairte agus Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta, in iúl go bhfuil sé toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 383(2), Acht na gCuideachtaí 2014.

De réir Alt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus a mhéid is eol do na stiúrthóirí, níl aon fhaisnéis a bhaineann leis an iniúchadh nach bhfuil a fhios ag an Iniúchóir Reachtúil agus tá na céimeanna glactha ag na stiúrthóirí chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon ábhartha faisnéis iniúchta agus a chinntiú go gcuirtear an tIniúchóir Reachtúil ar an eolas faoi aon fhaisnéis den sórt sin.

Ar son na stiúrthóirí
**ANITA NIC AMHLAOIDH**

**HANNAH NÍ CHLÉIRIGH**
26 Feabhra 2021

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ STIÚRTHÓIRÍ**

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe agus rialachán oiriúnacha.

De réir dlí cuideachta tá iallach ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais. De réir an dlí roghnaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 – Alt 1A, arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais. De réir dlí cuideachtaí ní foláir do na stiúrthóirí gan ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fíor cothrom ar shócmhainní, dhliteanais agus stádas airgeadais na cuideachta amhail ar dháta dheireadh bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus go ngéilleann siad ar gach dóigh eile do Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- a rá ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir chaighdeán cuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint agus tionchar agus cúiseanna imeachta ábhartha ó na caighdeáin sin a nótáil, agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád nó le bheith coimeádta a mhíníonn agus a chláraíonn mar is ceart idirbhearta na cuideachta, a chuireann ar a gcumas am ar bith sócmhainní, dliteanais, stádas airgeadais agus brabús agus caillteanas na cuideachta a aimsiú le cruinneas réasúnta, a chuireann ar a gcumas a áirithiú go gcloíonn na ráitis airgeadais agus tuarascáil na stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus a chuireann ar a gcumas na ráitis airgeadais a bheith iniúchta. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Ar son na stiúrthóirí
**ANITA NIC AMHLAOIDH**
**HANNAH NÍ CHLÉIRIGH**
26 Feabhra 2021

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**DEARBHÚ STIÚRTHÓIRÍ**

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 14 go 19 á bhfaomhadh ag na stiúrthóirí agus deimhníonn siad go bhfuil siad freagrach astu, roghnú polasaithe cuntasaíochta cuí san áireamh, iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus na breithiúnais thacaíochta a dhéanamh ar bhunús réasúnta agus stuama. Ullmhaíodh iad ar bhunús gnóthais leantaigh ar an mbonn go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí gur chuir siad taifid chuntasaíochta uile na cuideachta ar fáil don iniúchóir agus tugadh dó an fhaisnéis go léir atá riachtanach chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

Deimhníonn na stiúrthóirí, chomh fada agus is eol dóibh agus a chreideann siad, go léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta uile na cuideachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

Ar son na stiúrthóirí

**ANITA NIC AMHLAOIDH**

**HANNAH NÍ CHLÉIRIGH**

26 Feabhra 2021

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

## TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ

**Tuairim**
Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais do Ógras ("an Chuideachta") don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar leathanaigh 14 go 19 ar a n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus nótaí ar na ráitis airgeadais ar a n-áirítear achoimre ar na polasaithe suntasacha cuntasaíochta mar atá leagtha amach i Nóta 1 ar leathanach 16. Is é an creat tuairiscíochta airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 - Alt 1A infheidhme in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

I dtaca leis na ráitis airgeadais, i mo thuairimse
- tugann siad léargas fíor cothrom ar na sócmhainní, na dliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta ar an 31 Nollaig 2020 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin;
- ullmhaíodh iad mar is cuí faoi réir Chaighdeán Tuairiscíochta Airgeadais 102 – Alt 1A an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais infheidhme in Éirinn; agus
- ullmhaíodh iad mar is cuí faoi réir cheangaltais Acht na Cuideachtaí 2014.

**Bunús na Tuairime**
Stiúraigh mé m'iniúchadh faoi réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) {CII (Éire)} agus an dlí atá i bhfeidhm. Tá cur síos breise ar mo fhreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán seo thíos (sa chuid de mo thuarascáil dar teideal *Freagrachtaí an iniúchóra as iniúchadh a dhéanamh ar an ráitis airgeadais*). Táim neamhspleách ar an gCuideachta faoi réir na gceangaltas eiticiúla a bhaineann le m'iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, ar a n-áirítear Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí in Éirinn, a d'eisigh Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ) agus chomhlíon mé mo chuid dualgas eiticiúla eile faoi réir na gceangaltas seo [ar a n-áirítear Alt 6 den Chaighdeán Eiticiúil – Forálacha ar fáil d'Aonáin Bheaga (FafAB) (2017) faoi réir na gcúinsí atá leagtha amach i Nóta 9 ar na ráitis airgeadais].
Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé dóthanach agus cuí le go mbeadh bunús le mo thuairim.

***Tátail a bhaineann le gnóthas leantach***
Agus na ráitis airgeadais á n-iniúchadh tháinig mé ar an gconclúid gur iomchuí úsáid na stiúrthóirí ar bhonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.
Bunaithe ar an obair atá déanta agam níor shainaithin mé aon éiginnteachtaí ábhartha a bhaineann le himeachtaí nó coinneálacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh, ina n-aonar nó i dteannta a chéile, ar chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta nuair a údaraítear na ráitis airgeadais lena n-eisiúint.
Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí agus freagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo.

## TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ (ar leanúint)

***Eolas Eile***

Tá na stiúrthóirí freagrach as an eolas eile. Cuimsíonn an t-eolas eile an t-eolas úd atá sa tuarascáil bhliantúil cé is moite de na ráitis airgeadais agus de mo thuarascáil orthusan. Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas breise agus, seachas an méid atá ráite go sonrach i mo thuarascáil, ní thugaim aon tátal dearbhaithe orthusan.

Tá freagracht orm an t-eolas breise a léamh agus, é sin á dhéanamh agam, cíoradh a dhéanamh féachaint an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go bunúsach leis na ráitis airgeadais nó le heolas ar tháinig mé air agus mé i mbun an iniúchta, nó a fheictear dom a bheith míshonraithe go hábhartha ar aon dóigh eile. Má thagaim ar aon neamhréireacht ábhartha nó aon mhíráiteas follasach tá dualgas orm a chinneadh cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil, aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó aon mhíráiteas ábhartha san eolas eile. Má thagaim ar an dtuairim, agus an tuairim bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ann san eolas breise, tá dualgas orm é sin a thuairisciú.

Níl aon ní le tuairisciú agam i dtaca leis seo.

***Tuairimí faoi nithe eile atá leagtha síos in Acht na gCuideachtaí 2014***

I mo thuairim bunaithe ar a obair a rinne mé agus mé i mbun an iniúchta, agus air sin amháin, tuairiscím:

- go bhfuil an t-eolas uile atá tugtha i dtuarascáil na stiúrthóirí don bhliain airgeadais a n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ina leith ag teacht leis na ráitis airgeadais; agus
- gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí faoi réir ceanglais dhlíthiúla is infheidhme.

Fuaireas gach eolas agus gach míniú, chomh fada agus is eol dom agus as mo chreideamh, a mheasaim a bheith riachtanach chun críche m'iniúchta.

Is í mo thuairim go raibh taifid chuntasaíochta na Cuideachta dóthanach le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go héasca agus mar is cuí agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Ábhair a bhfuil dualgas orm a thuairisciú mar eisceacht***

Agus é bunaithe ar an eolas is ar an tuiscint a fuaireas ar an gCuideachta is ar a timpeallacht agus mé i mbun an iniúchta, níor tháinig mé ar aon mhíráiteas ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Leagann Acht na gCuideachtaí 2014 an dualgas orm tuairisc a thabhairt daoibh más rud é, i mo thuairim, nach gcomhlíonann an chuideachta ceanglais aon cheann d'ailt 305 go 312 den Acht, a bhaineann le nochtadh luach saothair agus idirbhearta stiúrthóirí. Níl aon ní le tuairisciú agam i dtaca leis seo.

## TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ
**(ar leanúint)**

### Freagrachtaí faoi seach

***Freagrachtaí na stiúrthóirí as na ráitis airgeadais***
Mar atá mínithe ar bhealach níos iomláine i bhfreagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 6, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir an chreata tuairiscithe airgeadais is infheidhme go dtugann siad léargas fíor cothrom, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann siad a bheith riachtanach chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh go mbeidís saor ó aon mhíráiteas ábhartha, bíodh sé mar earráid nó mar chalaois.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as cumas na Cuideachta chun leanúint air mar ghnóthas leantach a mheas agus as nithe a bhaineann le gnóthas leantach á nochtadh acu,
más infheidhmithe, agus leas á bhaint acu as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé in intinn ag bainistíocht na Cuideachta a leachtú nó éirí as gnóthaí, nó mura bhfuil aon rogha réadúil acu ach é sin a dhéanamh.

***Freagrachtaí an iniúchóra as iniúchadh a dhéanamh ar an ráitis airgeadais***
Tá mar aidhmeanna agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cé acu an bhfuil, nó nach bhfuil, ráitis airgeadais na Cuideachta ina n-iomláine saor ó aon mhíráiteas ábhartha, bíodh sé mar earráid nó mar chalaois, agus chun tuarascáil iniúchóra a eisiúint a chuimsíonn mo thuairim. Is dearbhú d'ardchaighdeán é dearbhú réasúnta, ach ní urrús é go n-éireoidh i gcónaí le hiniúchadh a dhéantar faoi réir CII (Éire) mírialtacht ábhartha a aimsiú nuair is ann di. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó as earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má cheaptar go réasúnta go bhféadfaidís, ina n-aonar nó ina n-iomláine, tionchar a imirt ar thuairimí eacnamaíochta úsáideoirí a bheadh bunaithe ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

### Faisnéis bhreise ar scóip mo fhreagrachtaí mar iniúchóir

Mar chuid d'iniúchadh faoi réir CII (Éire), tarraingím ar bhreithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas proifisiúnta le linn an iniúchta. Thairis sin:

- Aithním agus déanaim meastóireacht ar na rioscaí a ghabhann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh sé mar thoradh ar chalaois nó ar earráid, ar leagan amach nó ar ghnáthaimh fheidhmiúcháin an iniúchta bheith freagrúil do na rioscaí seo, agus fianaise iniúchóireachta a aimsiú atá dóthanach agus cuí chun bheith mar bhonn le mo thuairim. Is mó an baol nach n-aimseofaí míráiteas a d'eascair as calaois ná ceann a d'eascródh as earráid, cionn is gur féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnamh d'aon ghnó, bréagléiriú nó sárú rialachais inmheánaigh bheith i gceist le calaois.

## ÓGRAS
## (CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

## DON BHL IAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

## TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ
(ar leanúint)

**Faisnéis bhreise ar scóip mo fhreagrachtaí mar iniúchóir (ar leanúint)**

- Tuiscint a fháil ar an rialachas inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun go bhféadfaí gnáthaimh iniúchóireachta a dhearadh a bheadh oiriúnach do na toscaí ach ní chun críche tuairim a nochtadh faoi éifeacht rialachas inmheánach na Cuideachta.
- Meastóireacht a dhéanamh ar chuibhiúlacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na bhfaisnéisithe gaolmhara a rinne na stiúrthóirí.
- Teacht ar thuairim faoi cé chomh cuí is atá úsáid bhonn cuntasaíochta an ghnó leantaigh ag na stiúrthóirí agus, i bhfianaise na faisnéise iniúchóireachta a fuarthas, faoi cé acu an bhfuil nó nach bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le cúinsí, a fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Cuideachta chun leanúint air mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an dtuairim gur ann d'éiginnteacht ábhartha tá dualgas orm i mo thuarascáil iniúchóra aird a dhíriú ar an nochtadh eolais gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, má tá an nochtadh gan a bheith dóthanach, mo thuairimí a leasú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta atá faighte agam suas le dáta mo thuarascáil iniúchóra. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó tosca amach anseo bheith ina gcúis le nach bhféadfadh an Chuideachta leanúint air mar ghnóthas leantach.
- Cur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais a mheas, ar a n-áirítear na nochtaithe agus faoi cé acu an léiríonn, nó nach léiríonn, na ráitis airgeadais bun-idirbhearta ar shlí a thugann léiriú cothrom.

Tuairiscím leosan a bhfuil freagracht as rialachas orthu i leith, i measc nithe eile, scóip agus tráthúlacht pleanáilte an iniúchta maille le nithe suntasacha a aimsítear san iniúchadh, ar a n-áirítear aon easpa shuntasach sa rialachas inmheánach ar tháinig mé uirthi le linn m'iniúchta.

**Cuspóir m'obair iniúchóireacha agus cé do/di a bhfuil mé freagrach**

Is do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlachas, mo thuarascáil faoi réir alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Thug mé faoi m'obair iniúchóireachta le go dtuairisceoinn do chomhaltaí na Cuideachta na nithe úd a bhfuil dualgas orm a thuairisciú i mo thuairisc iniúchóireachta agus ní ar aon chúis eile. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí, ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht as m'obair iniúchóireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu, i leith duine ar bith eile seachas i leith na Cuideachta agus comhaltaí na Cuideachta mar chomhlachas.

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**DON BHL IAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁCH DO NA COMHALTAÍ**
**(ar leanúint)**

Dáithí Ó Maolchoille

**Dáithí Ó Maolchoille**
**Cuntasóir Cairte**
**Sínithe ar a shon agus thar a cheann:**
**Dáithí Ó Maolchoille**
**Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta**
**75 Páirc Weston**
**Baile Átha Cliath D14 HW58**

5 Márta 2021

**ÓGRAS**

**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

| | 2020 Cistí Srianta € | 2019 € |
|---|---|---|
| Ioncam | 319,675 | - |
| Caiteachas | (296,104) | - |
| Farasbarr na bliana | 23,571 | - |

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

## CLÁR COMHARDAITHE AR AN 31 NOLLAIG 2020

| | Nótaí | 2020 € | 2019 € |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Féichiúnaí | 4 | 2,013 | - |
| Airgead sa bhanc | | 65,864 | - |
| | | 67,877 | - |
| **CREIDIÚNAITHE (iníoctha laistigh de bhliain amháin)** | 5 | (35,356) | - |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | 32,521 | - |
| **COTHROMAS** | | | |
| Cúlchiste caipitiúil | 6 | 8,950 | - |
| Cuntas ioncaim agus caiteachais – srianta | | 23,571 | - |
| | | 32,521 | - |

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir na bhforálacha infheidhme maidir le cuideachtaí ag brath ar an gcóras do chuideachtaí beaga agus i gcomhréir leis an Ráiteas um Thuairisciú Airgeadais 102 - Alt 1A "An Caighdeán um Thuairisciú Ráiteas Airgeadais infheidhme in Éirinn".

**DÍOLÚINE CURTHA AR FÁIL AG CAIBIDIL 15 DE CHUID 6 DE ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014**

Dearbhaímid, mar stiúrthóirí Ógras:

(a) go bhfuil leas á bhaint ag an gcuideachta as an díolúine iniúchóireachta faoi réir Chaibidil 15 de Chuid 6 de Acht na gCuideachtaí 2014,

(b) go bhfuil leas á bhaint ag an gcuideachta as an díolúine ar an mbonn go sásaíonn sí na coinníollacha atá leagtha amach in Alt 358 de Acht na gCuideachtaí 2014,

(c) nár seirbheáladh aon fhógra ar an gcuideachta, ina raibh iarratas, mar a luaitear in Alt 334 (1), de réir Alt 334 (2),

(d) go n-admhaímid dualgais na cuideachta, faoi Acht na gCuideachtaí 2014, chun taifid chuntasaíochta chearta a choimeád agus ráitis airgeadais a ullmhú, a thugann léargas fíor cothrom ar na sócmhainní, na dliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta ag deireadh a bliana airgeadais agus ar a brabús nó caillteanas don bhliain áirithe sin, agus thairis sin chun feidhmiú de réir na bhforálacha úd san Acht, a bhaineann le ráitis airgeadais, chomh fada is atá siad infheidhme maidir leis an gcuideachta.

Ar son na stiúrthóirí
**ANITA NIC AMHLAOIDH**
**HANNAH NÍ CHLÉIRIGH**
26 Feabhra 2021

## NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

### 1. POLASAÍ CUNTASAÍOCHTA

Tá oifig chláraithe na cuideachta ag 6 Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath D02 VH98.

Tá an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal, corpraithe in Éirinn, uimhir chláraithe 638154.

Is iad CHY 22409 uimhir charthanach na gCoimisinéirí Ioncaim agus 20204025 uimhir an Rialálaí Charthanas.

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in euro (€) agus is é sin freisin airgeadra feidhmiúil na cuideachta.

**Gnás Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthais leantaigh agus de réir choinbhinsiún na gcostas stairiúil. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus iad á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus an tAcht Carthanas 2009 san áireamh agus de réir an Ráiteas Carthanais ar Chleachtas Molta agus an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS 102 - Alt 1A) eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais.

Tá an chuideachta tar éis an Ráiteas Carthanais ar Chleachtas Molta a chur i bhfeidhm ar bhonn deonach toisc nach riachtanas é a cur i bhfeidhm de réir na rialachán reatha do charthanas atá cláraithe in Éirinn.

**Sócmhainní Inláimhsithe Dochta**

Díscríobhtar sócmhainní dochta – trealamh oifige – mar chostas reatha sa bhliain a cheannaítear iad. Níl an polasaí seo i gcomhréir leis an Ráiteas um Thuairisciú Airgeadais 102 - Alt 1A "An Caighdeán um Thuairisciú Ráiteas Airgeadais infheidhme in Éirinn" ach tá sé i bhfeidhm ag na stiúrthóirí toisc go bhfuil sé ag teacht le bonn maoine na cuideachta.

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS**

**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

## 1. POLASAÍ CUNTASAÍOCHTA (ar leanúint)

**Ioncam Deontais Rialtais**

Déantar deontais chaipitiúla a fhaightear agus infhaighte a thomhas ar bhonn fabhruithe agus láimhseáiltear iad mar ioncam iarchurtha agus déantar iad a amúchadh leis an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais gach bliain thar shaolré eacnamaíoch úsáideach na sócmhainní lena mbaineann an deontas.

Tomhaistear deontais ioncaim ar bhonn fabhraithe agus cuirtear chun sochair iad sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse lena mbaineann siad.

Cuimsíonn ioncam deontais rialtais deontais a thug Foras na Gaeilge agus an Roinn Turasóireachta, Cultúr, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán chun na cláir éagsúla atá á reáchtáil ag Conradh na Gaeilge a mhaoiniú chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tugtar tuilleadh faisnéise faoi mhéid agus foinse na ndeontas seo sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais seo.

Níl aon dliteanas teagmhasach ann chun deontais a aisíoc.

**Ioncam Neamh-Dheontais**

Tomhaistear ioncam neamh-dheontais ag luach cóir na comaoine a fuarthas nó infhaighte agus ní chuimsíonn sé ach méideanna infhaighte ag an eintiteas i rith na bliana.

**Féichiúnaithe**

Aithnítear féichiúnaithe i dtosach ag luach cóir agus ina dhiaidh sin luaitear iad ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh úis éifeachtach lúide caillteanais lagaithe ó dhrochfhiacha amhrasacha, ach amháin i gcás nach mbeadh éifeacht an lascainithe neamhábhartha. I gcásanna den sórt sin luaitear na nithe infhaighte ar chostas lúide caillteanais lagaithe as drochfhiach agus amhrasach.

**Creidiúnaithe**

Aithnítear creidiúnaithe ar luach cóir i dtosach agus ina dhiaidh sin luaitear iad ag costas amúchta ag baint úsáide as an mod úis éifeachtach, ach amháin i gcás nach mbeadh éifeacht an lascainithe neamhábhartha, agus sa chás sin luaitear iad ar a gcostas.

## 2. FOSTAITHE

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Is é líon míosúil na ndaoine a fostaíodh le linn na bliana mar a leanas: | 5 | - |

Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.

## 3. FARASBARR OIBREACHÁIN AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ ROIMH CHÁIN

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| Léirítear na torthaí | | € | € |
| tar éis na ndeontas seo leanas a fháil: | | | |
| : Deontais: An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige via Pobal - | | | |
| - Scéim Deontas do Sheirbhíse Óige | | 203,736 | - |
| - Scéim Deontas Caipiteal Óige | | 15,394 | - |
| - Ciste um Cheartais Aeráide Óige | 8,816 | | |
| Inaisíoctha | (1,187) | 7,629 | - |
| : Foras na Gaeilge | | 66,708 | - |
| : Boird Oideachais agus Oiliúna | | 7,943 | - |

## 4. FÉICHIÚNAITHE

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam ó ghníomhaíochtaí | 2,013 | - |

## 5. CREIDIÚNAITHE

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais agus Fabhruithe | 10,194 | - |
| Ciste um Cheartais Aeráide Óige | 1,187 | - |
| Cárta creidmheasa | 966 | - |
| Iniúchadh | 4,235 | - |
| Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí | 18,774 | - |
| | 35,356 | - |

## NÓTAÍ AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020
(ar leanúint)

### 6. CÚLCHISTE CAIPITIÚIL

Tá an Cúlchiste Caipitiúil comhdhéanta de ghlansócmhainní na heagraíochta neamhchorpraithe "Ógras" ar tháinig an chuideachta mar chomharba uirthi ar an 22 Samhain 2018. Thosaigh an chuideachta i mbun gníomhaíochta ar an 1 Eanáir 2020.

### 7. CÁIN AR FHARASBARR NA BLIANA

Tá stádas carthanúil faighte ag an gcuideachta ó na Coimisinéirí Ioncaim a thugann faoiseamh ó cháin i leith ioncaim nó ghnócháin chaipitiúla a úsáidtear agus atá inúsáidte chun críche aidhmeanna carthanúla amháin

### 8. STÁDAS NA CUIDEACHTA

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal is ea an chuideachta. Tá ráthaíocht na gcomhaltaí teoranta go €1 an chomhalta a leanann ar feadh bliana amháin tar éis deiridh le comhaltas aonair.

### 9. SEIRBHÍSÍ CURTHA AR FÁIL AG AN INIÚCHÓIR NEAMHSPLÉACH

Dála a lán gnóthas eile ar chóimhéid agus den chineál céanna, cuidíonn ár n-iniúchóir linn na ráitis airgeadais a ullmhú, tuairisceáin bhliantúla a ullmhú agus a gcur faoi bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí.

### 10. IDIRBHEARTA PÁIRTITHE GAOLMHARA

Ní raibh idirbhearta páirtithe gaolmhara.

### 11. ÚINÉIRÍ SOCHAIR TAIRBHEACHA

Ós rud é go bhfuil an chuideachta faoi theorainn ráthaíochta agus nach bhfuil scairchaipiteal aici níl aon úinéir tairbhiúil deiridh aici.

### 12. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Ar an 26 Feabhra 2021 faomhadh na ráiteas airgeadais agus údaraíodh go n-eiseofaí iad.

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

## MIONCHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

| | | 2020 |
|---|---|---|
| **IONCAM** | € | € |
| Deontais: An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumas, Lánpháirtíochta agus Óige via Pobal - | | |
| - Scéim Deontas do Sheirbhíse Óige | | 203,736 |
| - Scéim Deontas Caipiteal Óige | | 15,394 |
| - Ciste um Cheartais Aeráide Óige | 8,816 | |
| Inaisíoctha | (1,187) | 7,629 |
| : Foras na Gaeilge | | 66,708 |
| : Boird Oideachais agus Oiliúna | | 7,943 |
| Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí | | 11,792 |
| Ballraíocht | | 4,968 |
| Campaí | | 985 |
| Táillí Réamhscrúdú | | 20 |
| Tesco Fund | | 500 |
| **Ioncam** | | 319,675 |
| **Caiteachas** | | 296,104 |
| **Farasbarr na bliana** | | 23,571 |

## ÓGRAS
## (CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)

## MIONCHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020

| | **2020** |
|---|---|
| | **€** |
| **CAITEACHAS** | |
| Cíos | 9,742 |
| Árachas | 6,451 |
| Leictreachas | 2,590 |
| Tuarastail agus Scéim Pinsin | 169,223 |
| Costais Foirne | 3,714 |
| Oiliúint Foirne | 390 |
| Trealamh | 1,564 |
| Trealamh Club | 495 |
| Campaí Lae | 14,842 |
| Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí | 53,085 |
| Postas, Teileafón | 3,628 |
| Ábhair Oifige | 437 |
| Teicneolaíocht | 19,469 |
| Clódóireacht, Dearadh | 2,792 |
| Iniúchóireacht, Cuntasaíocht | 4,235 |
| Táillí Ballraíochta | 980 |
| Táillí Gairmiúla | 2,307 |
| Táillí Bainc | 160 |
| | 296,104 |

**ÓGRAS**
**(CUIDEACHTA FAOI THEORAINN RÁTHAÍOCHTA GAN SCAIRCHAIPITEAL)**

**SCÉIM DHEONTAIS NA SEIRBHÍSE ÓIGE**

**DON BHLIAIN DAR CHÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

| | **2020** **€** |
|---|---|
| **Deontais:** | |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige via Pobal - - Scéim Dheontais na Seirbhíse Óige | 203,736 |
| **Caiteachas:** | |
| Cíos, Rátaí | 9,742 |
| Árachas | 6,451 |
| Leictreachas, Teas | 2,589 |
| Tuarastail | 169,223 |
| Taisteal agus Liúntas Cothaithe na Foirne | 3,437 |
| Oiliúint Foirne | 140 |
| Gníomhaíochtaí agus Imeachtaí | 677 |
| Riarachán | 2,552 |
| Ábhar | 358 |
| Costas Faisnéis Teicneolaíochta | 1,397 |
| Táille Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta | 3,833 |
| Táillí Ballraíochta | 980 |
| Táille Gairmiúla | 2,307 |
| Táillí Bainc | 50 |
| | 203,736 |